Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14853/22**

**ENT 159**
**MI 831**
**ENV 1166**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 12421/22 + ADD 1-4 - D 082562/3 |
| Ábhar: | Rialachán ón gCoimisiún (AE) .../... an XXX lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta um chineálcheadú astaíochtaí le haghaidh feithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála<br>- cinneadh gan cur i gcoinne an ghlactha |

1. An 13 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún an dréachtrialachán thuasluaite faoi bhráid na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagail 5(3) agus 14(3) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007[1].

2. Tá an dréacht-Rialachán thuas i gcomhréir leis an tuairim dhearfach ón gCoiste, a cuireadh in iúl an 5 Iúil 2022. Vótáil an Coiste i bhfabhar an dréachtbhirt; 22 bhall a vótáil ar a shon agus beirt a rinne staonadh.

3. Sula nglacfaidh an Coimisiún na dréachtbhearta sin go foirmiúil, cuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle iad lena ngrinnscrúdú. Mura gcuirfidh an Pharlaimint ná an Chomhairle i gcoinne na mbeart atá beartaithe, glacfaidh an Coimisiún an dréachtrialachán.

[1] Ralachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (IO L 171, 29.6.2007, lch. 1).

4. An 14 Meán Fómhair 2022, iarradh ar na toscaireachtaí a léiriú faoin 25 Deireadh Fómhair 2022 má bhí sé i gceist acu cur i gcoinne an dréachtrialacháin. Níor tharraing aon toscaireacht aon fhorais ábhartha anuas le cur ina choinne. Glacfaidh an Coimisiún na dréachtbhearta go foirmiúil tar éis don spriocdháta 3 mhí a dhul in éag an 13 Nollaig 2022.

5. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a dhearbhú, mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, nach bhfuiltear ag cur i gcoinne ghlacadh an dréachtrialacháin ón gCoimisiún, mar a leagtar amach in 12421/22 + ADD 1-4 é.